Leabhrán Eolais 6
**Creidiúnaithe**

Príomhdhualgais agus
Príomhchumhachtaí

# gCreidiúnaithe

faoi Acht na gCuideachtaí



Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement



Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

# gCreidiúnaithe

faoi Acht na gCuideachtaí

## Ráiteas faoi Chóipcheart agus Séanadh

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Is féidir iomlán an fhoilseacháin nó cuid den fhoilseachán a atáirgeadh gan cead breise chuige sin ach foinse an ábhair a lua agus a admháil.

Níor chóir go gceapfaí gur ionann aon ní dá bhfuil anseo agus léiriú de chuid an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó thar ceann an Stiúrthóra, ar thuiscint ná léirmhíniú an Stiúrthóra maidir le haon cheann d'fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 nó ar léirmhíniú maidir le haon dlí ar bith.

Ba chóir comhairle dlí neamhspleách a lorg maidir le héifeachtaí aon fhoráil faoin dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagracht ná dliteanas ar bith, cibé slí ina dtarlaíonn, i ngeall ar ábhar an fhoilseacháin seo ná ar earráid, míchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir de cheart caingean cúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo nó neamhréireach leo.

**© An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2015**

# Clár an Ábhair


**1.0 Réamhrá** **5**

**2.0 Príomhchumhachtaí na gCreidiúnaithe** **6**

2.1 Cad is Creidiúnaí ann 6

2.2 Cumhachtaí na gCreidiúnaithe 6

2.2.1 Cumhacht Creidiúnaithe Leachtaitheoir a Cheapadh 6

2.2.2 Cumhacht na gCreidiúnaithe Glacadóir a Cheapadh 7

2.2.3 Cumhacht na gCreidiúnaithe Ceapachán Scrúdaitheora a Iarraidh 7

2.2.4 Cumhacht na gCreidiúnaithe Breithiúnas Cúirte a Iarraidh maidir le Fiacha atá Dlite 8

2.2.5 Cumhacht na gCreidiúnaithe i gcás Mainneachtana 8

2.2.6 Cumhacht na gCreidiúnaithe Imscrúdú Cuideachta a Iarraidh 8

2.2.7 Cumhacht na gCreidiúnaithe sa chás nach bhfuil Cuideachta faoi Leachtú 8

2.2.8 Cumhacht na gCreidiúnaithe a Iarraidh go gCuirfí Cuideachta ar ais ar Chlár na gCuideachtaí 9

**3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí** **10**

3.1 Pionóis maidir le Cionta Coiriúla 10

- Pionóis arna bhforchur ag Cúirt 10

3.2 Pionóis Shibhialta 11

- Dícháiliúchán 11
- Dícháiliúchán sa Ghnáthchúrsa 11
- Gealltanas Dícháiliúcháin 12
- Srianadh 12
- Gealltanas maidir le Srianadh 12
- Cuideachta a bhaint den Chlár 13

**Aguisín A Páirt na gCreidiúnaithe i Leachtú** **14**

**Aguisín B Páirt na gCreidiúnaithe i Scrúdaitheoireacht** **15**

- Ceart éisteachta 15
- Coiste creidiúnaithe a cheapadh 15
- Comhréiteach nó scéim socraíochta 15

## 1.0 Réamhrá

Tugadh roinnt de na hathruithe is suntasaí ar dhlí na gcuideachtaí le leathchéad bliain anuas isteach le hAcht na gCuideachtaí 2014. Cruthaíodh cineálacha nua cuideachtaí faoin Acht chomh maith le hathruithe éagsúla a thabhairt isteach maidir leis na rólanna atá ag páirtithe éagsúla faoi dhlí na gcuideachtaí.

D'fhonn a leagtar de shainchúram ar Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a thabhairt i gcrích, comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a chothú, eisíonn an Oifig sraith de Leabhráin Eolais ina leagtar amach na príomhrólanna agus na príomhfhreagrachtaí a ghabhann le páirtithe mórthábhachtacha faoi dhlí na gcuideachtaí. Déantar sin chun cuidiú le daoine nach den lucht gairme iad ar mian leo eolas níos fearr a bheith acu ar na cearta atá acu agus ar na dualgais atá orthu faoin dlí.

Rinneadh na Leabhráin Eolais a eisiúint den chéad uair i mí na Samhna 2001. Leis an eagrán reatha seo, tá trí athscríobh suntasach tugtha ar ábhar na leabhrán ó thráth a bhfoilsithe den chéad uair. Is é an dlí tar éis Acht na gCuideachtaí 2014 a rith atá faoi chaibidil san eagrán reatha. Tá leabhráin ar fáil ar na hábhair seo a leanas:

**Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta**
**Leabhrán Eolais 2 – An Stiúrthóir Cuideachta**
**Leabhrán Eolais 3 – An Rúnaí Cuideachta**
**Leabhrán Eolais 4 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí**
**Leabhrán Eolais 5 – An tIniúchóir**
**Leabhrán Eolais 6 – An Creidiúnaí**
**Leabhrán Eolais 7 – An Leachtaitheoir, an Glacadóir agus an Scrúdaitheoir**

Chomh maith leis an eolas faoi na dualgais agus na cumhachtaí a bhaineann le hábhar, tugtar eolas i ngach leabhrán faoi na pionóis a ghabhann le mainneachtain déanamh de réir Acht na gCuideachtaí.

Rinneadh gach leabhar a ullmhú le húsáid ag daoine nach den lucht gairme iad d'fhonn na príomhfhorálacha a bhaineann le dlí na gcuideachtaí a bheith níos sothuigthe.

Measann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach gur den tábhacht go mbeadh daoine a mbíonn tairbhe agus leas acu as corprú ar an eolas chomh maith céanna faoi na dualgais agus na freagrachtaí a ghabhann leis. Tá na Leabhráin Eolais seo leagtha amach d'fhonn cur leis an eolas atá ag daoine ar na dualgais agus na freagrachtaí sin.

Is mian leis an Stiúrthóir go dtuigfí go soiléir nach féidir a cheapadh gur léirmhíniú cinnte ar an dlí atá sa treoir seo i ndáil le foráil ar bith. Anuas air sin, ní mór a thuiscint gur féidir níos mó ná léirmhíniú amháin ar an dlí. Dá réir sin, is ceart go dtuigfeadh an léitheoir go mbeadh éiginnteacht áirithe ag baint leis an léirmhíniú a d'fhéadfadh a bheith ag na Cúirteanna ar an dlí, go háirithe nuair atá an dlí á chur i bhfeidhm maidir le cúinsí áirithe agus i ndáil le cuideachtaí faoi leith agus daoine faoi leith.

Is den tábhacht go dtabharfaí chun aire gur cheart don léitheoir atá éiginnte faoi oibleagáid nó dualgas faoin dlí comhairle neamhspleách a iarraidh ó dhuine den lucht gairme i réimse an dlí nó na cuntasaíochta de réir mar is cuí.

De réir mar a dhéantar leasú ar dhlí na gcuideachtaí san am atá romhainn, tá i gceist ag an Stiúrthóir an lón treorach seo a choinneáil bord ar bhord leis an athrú. Bheadh fáilte aige freisin roimh thuairimí faoin ábhar ionas go mbíonn oiread tairbhe agus is féidir as eagráin eile amach anseo.

**Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
**Bealtaine 2015**

# 2.0 Príomhchumhachtaí na gCreidiúnaithe

## 2.1 Cad is Creidiúnaí ann

Is creidiúnaí ag cuideachta an duine nó an chuideachta a bhfuil airgead (fiach) dlite dó nó di ón gcuideachta. Go ginearálta, dhá chineál creidiúnaí atá ann, eadhon: urraithe agus neamhurraithe. Fiach a bheith urraithe nó neamhurraithe a shocraíonn cén bealach inar féidir le creidiúnaí an fiach a bhailiú.

- Creidiúnaí urraithe: is creidiúnaí urraithe creidiúnaí ag a bhfuil éileamh ar roinnt de shócmhainní an iasachtaí. Mar shampla, is iondúil go n-éileodh foras airgeadais a thugann airgead ar iasacht do chuideachta chun áitreabh a cheannach go dtabharfaí gníomhas an áitribh mar urrús i leith na hiasachta. D'fhéadfadh go ndéanfadh creidiúnaí urraithe freisin, mar chuid de chomhaontú na hiasachta, a choimeád de cheart ag an gcreidiúnaí glacadóir a cheapadh sa chás nach ndéantar an iasacht a aisíoc. Is é a leagtar de chúram ar ghlacadóir sócmhainn(í) a dhíol, nó a dhiúscairt ar bhealach eile, d'fhonn fiach a aisíoc.
- Creidiúnaí neamhurraithe: is creidiúnaí neamhurraithe creidiúnaí a bhfuil airgead dlite dó nó di agus nach bhfuil éileamh aige nó aici ar shócmhainní na cuideachta. Bíonn baol níos mó ann don té atá ina chreidiúnaí neamhurraithe ná don té atá ina chreidiúnaí urraithe agus sa chás nach mbíonn cuideachta in acmhainn fiacha a ghlanadh, íocfar na creidiúnaithe urraithe chun tosaigh ar chreidiúnaithe neamhurraithe.

## 2.2 Cumhachtaí na gCreidiúnaithe

Is é cumhacht is suntasaí atá ag creidiúnaithe faoi Acht na gCuideachtaí a iarraidh go ndéanfaí an chuideachta a leachtú (i.e. a dhíscaoileadh faoin dlí). Chomh maith le leachtú agus glacadóireacht, tá cumhachtaí éagsúla eile ag creidiúnaithe chun dul i ngleic le mainneachtainí in oibriú na cuideachta. Leagtar amach mionsonraí faoi na cumhachtaí sin thíos.

### 2.2.1 Cumhacht na gCreidiúnaithe Leachtaitheoir a Cheapadh

Is féidir cuideachta a fhoirceannadh ar dhá bhealach lena mbaineann na creidiúnaithe, eadhon: le hordú na Cúirte nó trí leachtú deonach creidiúnaithe.

**Le hOrdú na Cúirte[1]**

Is féidir le creidiúnaí achainí a dhéanamh leis an gCúirt[2] go ndéanfaí cuideachta a fhoirceannadh sa chás nach acmhainn don chuideachta a cuid fiach a íoc[3]. Meastar nach acmhainn do chuideachta a cuid fiach a íoc sa chás:

- nár íocadh fiach €10,000 nó níos mó ná sin le creidiúnaí laistigh de thrí seachtaine d'éileamh i scríbhinn; nó
- go bhfuil beirt chreidiúnaithe nó níos mó ná sin nár íocadh fiacha is mó ná €20,000 leo laistigh de thrí seachtaine d'éileamh i scríbhinn; nó
- go bhfuil breithiúnas Cúirte gan sásamh; nó
- sa chás go gcruthaítear ar bhealach eile chun sástacht na Cúirte nach acmhainn don chuideachta a cuid fiach a íoc.

1 Alt 572 Acht na gCuideachtaí.
2 Alt 571 Acht na gCuideachtaí.
3 Alt 570 Acht na gCuideachtaí.

Sa chás go ndíospóideann cuideachta de mheon macánta go bhfuil an fiach dlite agus ag dul don chreidiúnaí, déanfar an achainí a chur ar athló go dtí go gcinntear bailíocht an fhéich. Níor mhór don chuideachta, ionas go ndéanfaí an achainí a dhíbhe, a chruthú nach ann d'aon dliteanas i ndáil leis an bhfiach. Is gné dhílis de dhlínse na Cúirte chomh maith faoiseamh a dhiúltú sa chás go meastar gur mí-úsáid as próiseas na Cúirte an t-iarratas, mar shampla gur modh chun fiach a bhailiú atá in úsáid na hachainí.

**Leachtú Deonach Creidiúnaithe[4]**

Sa chás go mbeartaíonn comhaltaí cuideachta ag cruinniú ginearálta nach bhfuil an chuideachta in acmhainn leanacht i mbun gnó mar gheall ar dhliteanais na cuideachta, agus go ndéanfar a fhoirceannadh go deonach, ba chóir leachtaitheoir a cheapadh ag cruinniú de na comhaltaí agus ba cheart don chuideachta cruinniú de na creidiúnaithe a ghairm don lá a bhfuil beartaithe an rún maidir leis an bhfoirceannadh a rith nó don lá ina dhiaidh sin.

Ní mór do stiúrthóirí na cuideachta, san ullmhúchán do chruinniú creidiúnaithe:

- fógra faoi chruinniú na gcreidiúnaithe a fhoilsiú in dhá pháipéar nuachta laethúil ar a laghad agus fógra deich lá a thabhairt do na creidiúnaithe;
- ráiteas iomlán a ullmhú faoi staid chúrsaí na cuideachta, maille le liosta na gcreidiúnaithe agus méid mheasta éileamh gach creidiúnaí;
- stiúrthóir a ainmniú chun cruinniú na gcreidiúnaithe a riar agus an ráiteas faoi staid chúrsaí a chur i láthair chruinniú na gcreidiúnaithe.

Is iondúil go ndéanfaidh an stiúrthóir atá i mbun an chruinnithe na cúiseanna gur theip ar an gcuideachta a leagan amach agus ceisteanna a fhreagairt.

Is féidir leis na creidiúnaithe ag cruinniú na gcreidiúnaithe, duine a ainmniú a bheidh ina leachtaitheoir ar an gcuideachta agus sa chás nach ionann an té sin agus an té a ainmníonn an chuideachta, is é an té a ainmníonn na creidiúnaithe a bheidh ina leachtaitheoir[5]. Is féidir leis na creidiúnaithe freisin ag cruinniú, "Coiste Cigireachta" a cheapadh agus líon nach lú ná cúigear[6] a cheapadh ar an gcoiste.

Leagtar amach páirt na gcreidiúnaithe sa phróiseas leachtaitheoireachta, nuair atá cuideachta faoi leachtú dócmhainneachta, in Aguisín A.

### 2.2.2 Cumhacht na gCreidiúnaithe Glacadóir a Cheapadh

Sa cás go bhfuil cuideachta ag mainneachtain i ndáil le creidiúnaí urraithe a íoc, is féidir leis an gcreidiúnaí urraithe a iarraidh go gceaptar glacadóir don chuideachta, cibé de bhun chumhachtaí a luaitear sa bhintiúr (comhaontú iasachta) a bhaineann leis an bhfiach atá i gceist nó trí iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt de réir mar is cuí. Féach Leabhrán Eolais 7 maidir le heolas níos mine faoin nGlacadóir.

### 2.2.3 Cumhacht na gCreidiúnaithe Ceapachán Scrúdaitheora a Iarraidh

Is próiseas an scrúdaitheoireacht trína gcuirtear cuideachta faoi choimirce na Cúirte d'fhonn cuidiú leis an gcuideachta a thabhairt slán. Go bunúsach, cosnaíonn scrúdaitheoireacht an chuideachta ar na creidiúnaithe ar feadh tréimhse 70 lá agus ligtear don chuideachta athstruchtúrú a dhéanamh le haontú na Cúirte[7].

4 Ailt 585-588 Acht na gCuideachtaí.
5 Alt 588(2)(a) Acht na gCuideachtaí.
6 Alt 667 Acht na gCuideachtaí.
7 Alt 520 Acht na gCuideachtaí.

Pléitear Scrúdaitheoireacht níos mine i Leabhrán 7.

Is féidir le creidiúnaí iarratas a dhéanamh leis an gCúirt[8] maidir le scrúdaitheoir a cheapadh sa chás gur cosúil:

- nach bhfuil, nó gur dócha nach mbeidh, cuideachta in acmhainn a cuid fiach a íoc; agus
- nach bhfuil aon rún á réiteach le rith maidir leis an gcuideachta a fhoirceannadh; agus
- nach bhfuil aon ordú tugtha maidir leis an gcuideachta a fhoirceannadh; agus
- go bhfuil an Chúirt den tuairim go bhfuil údar réasúnta lena cheapadh gur féidir an chuideachta, agus an gnó iomlán nó cuid den ghnó, a thabhairt slán mar ghnóthas leantach[9].

Leagtar amach páirt na gcreidiúnaithe sa phróiseas scrúdaitheoireachta in Aguisín B.

### 2.2.4 Cumhacht na gCreidiúnaithe Breithiúnas Cúirte a Iarraidh maidir le Fiacha atá Dlite

Sa chás go gcliseann ar chuideachta fiach a íoc atá dlite do chreidiúnaí, is féidir leis an gcreidiúnaí breithiúnas cúirte in aghaidh na cuideachta a iarraidh ar féidir ina dhiaidh sin é a fhorfheidhmiú ar bhealaí éagsúla, ina measc clárú sa Chúirt nó bailiú ag an Sirriam.

### 2.2.5 Cumhacht na gCreidiúnaithe i gcás Mainneachtana[10]

Sa chás go bhfuil cuideachta nó oifigeach ar bith de chuid na cuideachta ag mainneachtain i ndáil le foráil ar bith de chuid Acht na gCúideachtaí, is féidir le creidiúnaí fógra a sheirbheáil ag éileamh go gcuirtear an mhainneachtain ina ceart laistigh de cheithre lá déag. Sa chás go gcliseann ar an gcuideachta nó ar an oifigeach an mhainneachtain a chur ina ceart, is féidir leis an gcreidiúnaí iarratas a dhéanamh leis an gCúirt maidir le hordú arna threorú don chuideachta nó don oifigeach an mhainneachtain a chur ina ceart.

### 2.2.6 Cumhacht na gCreidiúnaithe Imscrúdú Cuideachta a Iarraidh[11]

Is féidir le creidiúnaí cuideachta iarratas a dhéanamh leis an gCúirt maidir le Cigire nó Cigirí a cheapadh chun cúrsaí cuideachta a scrúdú agus tuairisc a thabhairt. Sa chás go gceapann an Chúirt Cigire nó Cigirí, leagtar amach go sonrach beacht na nithe a ndéanfar fiosrú ina leith. Sa chás go ndéanann creidiúnaí iarratas den sórt seo, d'fhéadfadh go gceanglódh an Chúirt ar an iarratasóir urrús a thabhairt maidir le costais an imscrúdúcháin a íoc.

Is ón gCúirt a ghlacann cigirí a cheaptar faoin alt seo treoir agus is don Chúirt a thugann siad tuairiscí.

### 2.2.7 Cumhacht Chreidiúnaí sa chás nach bhfuil Cuideachta faoi Leachtú[12]

Sa chás go gcruthaítear don Chúirt:

- nach bhfuil cuideachta in acmhainn a cuid fiach a íoc; nó
- go bhfuil breithiúnas nó foraithne nó ordú Cúirte ina bhfabhar faighte ag creidiúnaithe a dhéantar a aischur ar a fhorghníomhú gan a bheith sásaithe go hiomlán nó go páirteach;

agus, i gceachtar cás, gur dealraitheach don chúirt gurb é neamhdhóthanacht a cuid sócmhainní an chúis nó an phríomhchúis nach bhfuil sí á foirceannadh, is féidir leis na creidiúnaithe iarratas a dhéanamh chun na Cúirte maidir le cumhachtaí áirithe a fheidhmiú.

---

[8] Alt 510 Acht na gCuideachtaí.
[9] Alt 509(2) Acht na gCuideachtaí.
[10] Alt 797 Acht na gCuideachtaí.
[11] Alt 747 Acht na gCuideachtaí.
[12] Alt 567 Acht na gCuideachtaí.

Is féidir le creidiúnaithe iarratas a dhéanamh chun na Cúirte maidir le cineálacha éagsúla faoisimh, ar a n-áirítear:

(a) ordú arna ordú go ndéanfadh cuideachta ghaolmhar ranníoc i leith sócmhainní na cuideachta atá á foirceannadh;

(b) ordú sócmhainní a aistríodh go míchuí a aischur;

(c) dliteanas pearsanta a fhorchur i gcás nár choimeád an chuideachta leabhair chuntais chuí;

(d) dliteanas pearsanta a fhorchur ar oifigigh maidir le trádáil chalaoiseach nó mheargánta;

(e) measúnú damáistí in aghaidh dhaoine áirithe maidir le mí-iompar;

(f) na leabhair a scrúdú ag creidiúnaithe agus ranníocóirí na cuideachta;

(g) oifigeach ar bith de chuid na cuideachta nó duine eile a a bheadh ábalta eolas a thabhairt a cheistiú faoi mhionn maidir le tionscnamh nó foirmiú, déileáil nó trádáil, gnóthaí nó maoin, na cuideachta;

(h) gabháil agus urghabháil ar chúis dhóchúil a chruthú go bhfuil ranníocóir, stiúrthóir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid na cuideachta ar tí an Stát a fhágáil.

### 2.2.8 Cumhacht na gCreidiúnaithe a Iarraidh go gCuirfí Cuideachta ar ais ar Chlár na gCuideachtaí[13]

Sa chás go ndearnadh cuideachta a bhaint de chlár na gcuideachtaí, is féidir le creidiúnaí iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Chuarda ag iarraidh ordú an chuideachta a chur ar ais ar an gclár ionas gur féidir dul ar aghaidh le himeachtaí i gcoinne na cuideachta. Sa chás go gcuirtear cuideachta ar ais ar an gclár ar an mbealach seo, meastar gurbh ann don chuideachta an t-am ar fad amhail is nár baineadh den chlár riamh í.

[13] Alt 738 Acht na gCuideachtaí.

# 3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí

## 3.1 Pionóis maidir le Cionta Coiriúla

**Pionóis arna bhforcur ag Cúirt**

Foráiltear faoi Acht na gCuideachtaí do chionta coiriúla de dhá chineál, cion achomair agus cion indíotáilte. Go ginearálta, meastar nach bhfuil cion achomair chomh tromchúiseach le cion indíotáilte agus déantar an cineál sin a thriail gan ghiúiré os comhair bhreitheamh de chuid na Cúirt Dúiche. Is iondúil a mheas gur tromchúisí an cion indíotáilte. Is féidir cion indíotáilte a thriail ar an modh céanna a dtriailtear cion achomair, is é sin os comhair bhreitheamh de chuid na Cúirt Dúiche gan ghiúiré. Tá de dhifríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte áfach gur féidir cionta indíotáilte, as siocair a thromchúisí is atá siad, a thriail sa Chúirt Chuarda chomh maith, i.e. os comhair breithimh agus giúiré. Sa chás gur mar sin a dhéantar, deirtear go bhfuil an cion indíotáilte á ionchúiseamh ar díotáil. Sa chás go ndéantar cion a ionchúiseamh ar díotáil, is iondúil go mbíonn na pionóis a ndéantar foráil dóibh faoin dlí níos géire go mór ná mar a bheadh dá ndéanfaí an cion a ionchúiseamh go hachomair.

Faoi Alt 871 Acht na gCuideachtaí, dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 1 atá ann:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A[14] nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mí, nó iad araon, a chur air; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach airde ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air.

Go ginearálta, dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 2 atá ann:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mí, nó iad araon, a chur air; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach airde ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bhliana nó iad araon, a chur air.

Dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 3 atá ann ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

Dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 4 atá ann ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air.

Is féidir leis an gCúirt ina ndéantar ciontú i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a dhaingniú nó a thaifeadadh a ordú don té a chiontaítear an sárú a leigheas[15].

Foráiltear, áfach, faoi Acht na gCuideachtaí do phionóis i bhfad níos géire i ndáil le cionta áirithe, mar shampla:

- An Treoir maidir le Trédhearcacht[16] – fíneáil suas le €1 milliún agus/nó 5 bhliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na trédhearcachta (margaí rialáilte)[17];

[14] Ciallaíonn "fíneáil d'aicme A", tráth a fhoilsithe seo, fíneáil nach mó ná €5,000 (Foinse: An tAcht Fíneálacha 2010).

[15] Alt 872 Acht na gCuideachtaí.

[16] Na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007 – I.R. Uimh. 277 de 2007.

[17] Alt 1382 Acht na gCuideachtaí.

- An Treoir maidir le Réamheolaire[18] – fíneáil suas le €1 milliún agus/nó 5 bhliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na hÉireann maidir le réamheolaire[19];
- An Treoir maidir le Drochúsáid Margaidh[20] – fíneáil suas le €10 milliún agus/nó 10 mbliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na hÉireann maidir le drochúsáid margaidh[21].

## 3.2 Pionóis Shibhialta

**Dícháiliúchán**

Chomh maith le fíneáil agus pionóis i ndáil le cionta coiriúla, déantar foráil chomh maith do phionóis eile faoi Acht na gCuideachtaí, mar shampla dícháiliúchán agus srianadh.

Ciallaíonn dícháiliúchán go ndéanfaí duine a dhícháiliú óna cheapadh nó a ceapadh ina stiúrthóir nó ó ghníomhú mar stiúrthóir nó oifigeach eile, mar iniúchóir reachtúil, mar ghlacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir nó ó bheith ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach, bainteach nó páirteach le tionscnamh, foirimiú nó bainistíocht aon chuideachta[22].

Is féidir duine a dhícháiliú de trí

(a) Ordú Dícháiliúcháin ón gcúirt; nó

(b) Glacadh le Gealltanas Dícháiliúcháin – trína ngéilleann an duine a bheith faoi réir dícháiliúcháin, trí ghlacadh le gealltanas dícháiliúcháin forordaithe agus a shíniú.

**Dícháiliúchán sa Ghnáthchúrsa[23]**

Déanann an chúirt duine a dhícháiliú sa ghnáthchúrsa sa chás go ndéantar an duine sin a chiontú ar díotáil:

- i gcion ar bith faoi Acht na gCuideachtaí nó faoi aon achtachán eile i ndáil le cuideachta mar a fhorordaitear; nó
- i gcion ar bith lena ngabhann calaois nó mímhacántacht.

Ar dhuine a dhícháiliú don chúirt, bíonn an duine sin faoi réir ag ordú dícháiliúcháin ar feadh tréimhse 5 bhliana nó tréimhse eile arna sonrú ag an gcúirt. Tá dlite ar an gcúirt sonraí faoin ordú dícháiliúcháin a chur chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ionas go luaitear na sonraí a chuirtear ar fáil ar chlár poiblí na ndaoine dícháilithe[24].

Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freisin iarratas a dhéanamh leis na Cúirteanna ag iarraidh go ndéanfaí duine a dhícháiliú ar fhorais áirithe[25], ina measc:

- ciontacht i dhá chion nó líon is mó ná dhá chion i ndáil le taifid (alt 286);
- ciontacht i mainneachtainí go rómhinic faoi Acht na gCuideachtaí;
- ciontacht i dtrádáil chalaoiseach nó mheargánta le linn fónamh mar oifigeach cuideachta.

---

[18] Na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) 2005 – I.R. Uimh. 324 de 2005.
[19] Alt 1356 Acht na gCuideachtaí.
[20] Na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE) 2005 – I.R. Uimh. 342 de 2005.
[21] Alt 1368 Acht na gCuideachtaí.
[22] Alt 838 Acht na gCuideachtaí.
[23] Alt 839 Acht na gCuideachtaí.
[24] Altanna 863 & 864 Acht na gCuideachtaí.
[25] Alt 842 Acht na gCuideachtaí.

**Gealltanas Dícháiliúcháin[26]**

Nós imeachta nua riaracháin atá anseo trína bhfuil rogha ar fáil ag duine (sa chás go bhfuil an Stiúrthóir den tuairim go bhfuil cúinsí áirithe i gceist i ndáil leis an duine sin) géilleadh do dhícháiliúchán gan gá le héisteacht cúirte. Is féidir leas a bhaint as an nós imeachta seo sa chás go bhfuil cúiseanna réasúnacha ag an Stiúrthóir lena cheapadh go bhfuil cúinse nó cúinsí acu sin a leagtar amach in alt 842(a) go dtí (i) d'Acht na gCuideachtaí ag baint le cás an duine[27]. Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, de réir a thola féin, deis a thairiscint do dhuine géilleadh do dhícháiliúchán. Sa chás go ngéilleann duine do "ghealltanas dícháiliúcháin" agus go seoltar ar ais an cháipéis ina nglactar leis an dícháiliúchán, arna síniú go cuí, chuig an Stiúrthóir, meastar gur duine dícháilithe an duine sin. Tá dlite ar an Stiúrthóir sonraí faoin dícháiliúchán a chur faoi bhráid Chláraitheoir na gCuideachtaí, lena lua ar chlár poiblí na ndaoine dícháilithe[28].

**Srianadh**

Baineann na forálacha i ndáil le srianadh ar stiúrthóirí cuideachta[29] le cuideachtaí dócmhainneacha, i.e. cuideachtaí nach bhfuil in acmhainn a gcuid fiach a ghlanadh[30] de réir mar a bhíonn dlite. Sa chás go dtéann cuideachta faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht agus go bhfuil an chuideachta dócmhainneach, is féidir stiúrthóir de chuid na cuideachta, a dteipeann air nó uirthi a dheimhniú don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach nó don Chúirt go ndearna sé nó sí go macánta agus go cúramach, a shrianadh go ceann tréimhse suas le cúig bhliana.

**Gealltanas maidir le Srianadh[31]**

Nós imeachta nua riaracháin atá anseo trína bhfuil rogha ar fáil ag duine géilleadh do shrianadh gan gá le héisteacht cúirte. Is féidir leis an Stiúrthóir, de réir a thola féin, deis a thairiscint do stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach géilleadh do shrianadh. Beidh san áireamh leis an tairiscint na cúinsí, na fíorais agus na líomhaintí ba chúis leis an Stiúrthóir a theacht ar an tuairim gur cuí an srianadh.

Sa chás go nglacann an duine leis an srianadh agus go seoltar ar ais an cháipéis ina nglactar leis an srianadh, arna síniú go cuí, chuig an Stiúrthóir, seolfaidh an Stiúrthóir sonraí faoin "ngealltanas maidir le srianadh" chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí, lena lua ar chlár poiblí na ndaoine a bhfuil srian orthu[32].

Cuireann srianadh den sórt sin cosc ar dhuine óna cheapadh nó a ceapadh ina stiúrthóir nó ó ghníomhú ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach, mar stiúrthóir nó rúnaí, agus ó bheith bainteach nó páirteach le foirimiú nó chur chun cinn aon chuideachta mura bhfuil an chuideachta caipitlithe go leormhaith[33]. I gcás cuideachta poiblí teoranta (seachas cuideachta infheistíochta), is ionann an ceanglas caipitil agus €500,000 de scairchaipiteal íoctha leithroinnte, agus i gcás cuideachta de chineál ar bith eile, is ionann an ceanglas caipitil agus €100,000. Bíonn cuideachta den sórt sin faoi réir rialacha níos géire freisin i ndáil le cothabháil caipitil.

Measfar, gan cruthúnas ar aon ní eile, Acht na gCuideachtaí a bheith sáraithe ag duine a leanann in oifig mar stiúrthóir ar chuideachta ar an srianadh a theacht i gcrích gan an chuideachta caipitlithe go leormhaith, agus déanfar an duine sin a dhícháiliú sa ghnáthchúrsa ó bheith ina stiúrthóir. Pléitear srianadh go mion in Aguisín B le Leabhrán Eolais 2.

---

26 Alt 849 Acht na gCuideachtaí.

27 Is iad na cúinsí iad seo a dtiocfadh ordú dícháiliúcháin dá mbarr dá mbeadh an chúirt cinnte go raibh siad i bhfeidhm, agus leagtar amach iad in alt 862 Acht na gCuideachtaí.

28 Alt 864 Acht na gCuideachtaí.

29 Altanna 819 & 820 Acht na gCuideachtaí.

30 Alt 570 Acht na gCuideachtaí.

31 Alt 852 Acht na gCuideachtaí.

32 Alt 823 Acht na gCuideachtaí.

33 Alt 819(3) Acht na gCuideachtaí.

Beidh an té a fheidhmíonn ar bhealach nó i gcáil i ndáil le cuideachta ar bith ainneoin cosc air nó uirthi sin a dhéanamh, de bharr (a) ordú dícháiliúcháin, nó (b) dearbhú srianta a bheith tugtha ina leith, ciontach i gcion d'aicme 2[34].

**Cuideachta a Bhaint den Chlár[35]**

Is féidir le Cláraitheoir na gCuideachtaí fógra a thabhairt go bhfuil i gceist cuideachta a bhaint den chlár ar fhoras ar bith díobh seo a leanas:

- gur loic an chuideachta tuairisceán bliantúil a thabhairt mar atá dlite; nó
- nach bhfuil duine ar bith ar taifead mar stiúrthóirí reatha ag an gcuideachta; nó
- go bhfuil fógra tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim gur loic an chuideachta ráiteas sonraí ó chuideachta nua a chur ar fáil; nó
- go bhfuil cúis réasúnach ag an gCláraitheoir lena cheapadh nach bhfuil an coinníoll á shásamh ag an gcuideachta go mbeadh cónaí ar stiúrthóir de chuid na cuideachta i stát de chuid LEE nó nach bhfuil an banna ar seilbh ag cuideachta is gá sa chás nach ann do stiúrthóir den sórt[36]; nó
- go bhfuil an chuideachta á foirceannadh agus go bhfuil cúis réasúnach ag an gCláraitheoir lena cheapadh nach bhfuil aon leachtaitheoir i mbun feidhme; nó
- go bhfuil an chuideachta á foirceannadh agus gan tuairisceán tugtha ag an leachtaitheoir ar feadh tréimhse 6 mhí as a chéile.

Sa chás go ndéantar cuideachta a bhaint den chlár, aistrítear úinéireacht shócmhainní na cuideachta sa ghnáthchúrsa go dtí an Stát. Is ag an Stát atá úinéireacht orthu go dtí tráth a gcuirfí ainm na cuideachta ar ais ar an gclár. An fhaid a bhíonn an chuideachta bainte den chlár, leanann dliteanas gach stiúrthóra, oifigigh agus comhalta den chuideachta agus is féidir a fhorghníomhú[37] amhail is dá mbeadh an chuideachta gan díscaoileadh.

Pléitear na gnáis oibre atá de dhíth maidir le hainm cuideachta a chur ar ais ar an gclár in Aguisín A le Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta. Tá eolas sonrach mioninste faoi ainm cuideachta a chur ar ais ar an gClár ar fáil ar láithreán gréasáin Chláraitheoir na gCuideachtaí – *www.cro.ie*

[34] Alt 855 Acht na gCuideachtaí.
[35] Alt 725 Acht na gCuideachtaí.
[36] Alt 137 Acht na gCuideachtaí.
[37] Alt 734 Acht na gCuideachtaí.

# Aguisín A

## Páirt na gCreidiúnaithe i Leachtú

Sa chás go bhfuil cuideachta faoi leachtú dócmhainneachta, tá roinnt cumhachtaí ar fáil ag creidiúnaí.

- Is féidir le creidiúnaí iarratas a dhéanamh leis an gCúirt maidir le leabhair agus páipéir na cuideachta a scrudú[38].
- Is féidir le creidiúnaí iarratas a dhéanamh leis an gCúirt maidir le oifigigh na cuideachta a cheistiú faoi mhionn i ndáil le cúrsaí na cuideachta[39].
- Is féidir le creidiúnaí iarratas a dhéanamh leis an gCúirt maidir le hordú nach laghdódh stiúrthóir nó oifigeach eile de chuid na cuideachta luach a c(h)uid sócmhainní sa Stát faoi bhun méid arna shocrú ag an gCúirt sa chás go bhfuil cúis shubstainteach ag an gcreidiúnaí le caingean i gcoinne an stiúrthóra, nó i gcoinne oifigigh eile nó i gcoinne na cuideachta agus go bhfuil fáth lena cheapadh go bhféadfadh an stiúrthóir nó oifigeach eile sócmhainní dá c(h)uid féin nó de chuid na cuideachta a thabhairt chun bealaigh nó a dhiúscairt d'fhonn éalú ó dhualgas atá air nó uirthi féin nó ar an gcuideachta agus ordú de chuid na Cúirte a chur ó mhaith[40].
- Is féidir le creidiúnaí iarratas a dhéanamh leis an gCúirt maidir le ranníocóir i leith shócmhainní na cuideachta, stiúrthóir, cúlstiúrthóir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid na cuideachta a ghabháil agus maidir le leabhair, páipéir agus maoin inghluaiste an té sin a urghabháil sa chás go bhfuil cúis dhóchúil lena cheapadh go bhfuil an té sin ar tí éalú nó ar tí aon chuid dá c(h)uid maoine a thabhairt chun bealaigh nó a cheilt chun críche aon íoc éilimh a sheachaint nó scrúdú mar gheall ar ghnóthaí na cuideachta a sheachaint[41].
- Sa chás go bhfuil na sócmhainní atá ar fáil easnamhach, is féidir le creidiúnaí iarratas a dhéanamh leis an gCúirt maidir le hordú á threorú go ndéanfadh cuideachta ghaolmhar ranníoc i ndáil le sócmhainní na cuideachta atá á foirceannadh[42].
- Is féidir le creidiúnaí iarratas a dhéanamh leis an gCúirt maidir le maoin a ndearna an chuideachta a dhiúscairt a thabhairt ar ais sa chás gurb é tuairim na Cúirte gurbh é a bhí de thoradh ar an diúscairt calaois a dhéanamh ar an gcuideachta, ar na creidiúnaithe nó ar na comhaltaí. Sa chás gur deimhin leis an gCúirt gur amhlaidh an cás, is féidir leis an gCúirt a ordú go dtugtar an mhaoin nó an fáltas ó dhíolachán ar ais de réir na dtéarmaí a mheasann an Chúirt a bheith cuí[43].
- Is féidir le creidiúnaí imeachtaí a thionscnamh in aghaidh stiúrthóirí nó dhaoine eile maidir le trádáil chalaoiseach nó mheargánta, á éileamh go leagfaí freagracht phearsanta ar dhaoine den sórt sin as sciar d'fhiacha na cuideachta nó as cuid díobh[44]. Is féidir dliteanas coiriúil a fhorchur freisin ar an té a fhaightear ciontach i dtrádáil chalaoiseach[45].
- Sa chás, le linn cuideachta a fhoirceannadh, gur cosúil go ndearna aon duine a ghlac páirt i bhfoirmiú nó i seoladh na cuideachta, nó aon oifigeach de chuid na cuideachta san am i láthair nó ag aon tráth roimhe seo, nó leachtaitheoir, leachtaitheoir sealadach, glacadóir nó scrúdaitheoir, aon airgead nó maoin de chuid na cuideachta a chur chun mífheidhme nó a choimeád go héagórach nó go bhfuil duine den sórt sin ciontach i bhfaillí nó i míghníomh nó i sárú dualgais nó iontaoibh de chineál eile i ndáil leis an gcuideachta, is féidir le creidiúnaí imeachtaí maidir le míghníomh a thionscnamh chun airgead den sórt sin a aisghabháil[46].
- Is féidir le creidiúnaí freisin dliteanas pearsanta a fhorchur ar stiúrthóir sa chás nár choimeád an chuideachta taifid cuntasaíochta leordhóthanacha[47].

---

38 Alt 684 Acht na gCuideachtaí.
39 Alt 671 Acht na gCuideachtaí.
40 Alt 798 Acht na gCuideachtaí.
41 Alt 675 Acht na gCuideachtaí.
42 Alt 599 Acht na gCuideachtaí.
43 Alt 443 Acht na gCuideachtaí.
44 Alt 610 Acht na gCuideachtaí.
45 Alt 722 Acht na gCuideachtaí.
46 Alt 612 Acht na gCuideachtaí.
47 Alt 609 Acht na gCuideachtaí.

## Aguisín B

### Páirt na gCreidiúnaithe i Scrúdaitheoireacht

Is próiseas an scrúdaitheoireacht trína gcuirtear cuideachta faoi choimirce na Cúirte d'fhonn cuidiú leis an gcuideachta a thabhairt slán. Go bunúsach, cosnaíonn scrúdaitheoireacht an chuideachta ar na creidiúnaithe go ceann tréimhse 70 lá agus ligtear don chuideachta athstruchtúrú a dhéanamh le haontú na Cúirte[48]. Sa chás go mbíonn Chúirt den tuairim nach mbeadh ar chumas scrúdaitheora tuairisc a thabhairt taobh istigh den tráthchlár sin, is féidir síneadh, nach faide ná 30 lá, a chur leis an tréimhse[49].

Is é toradh a bhíonn ar achainí scrúdaitheoir a cheapadh nach féidir, an fhad a bhíonn an chuideachta faoi choimirce na cúirte, an chuideachta a fhoirceannadh ná glacadóir a cheapadh i ndáil le haon chuid de mhaoin na cuideachta. Anuas air sin, ní féidir aon astú ná aisghabháil a fhorfheidhmiú in aghaidh mhaoin ná earraí na cuideachta ach amháin le toiliú an scrúdaitheora.

#### Ceart éisteachta

Déanfaidh an Chúirt, ag éisteacht na hachainí chun scrúdaitheoir a cheapadh, uiríll ó chreidiúnaithe ar bith ar mian leo a theacht i láthair a éisteacht. Sa chás go bhfuil scrúdaitheoir ceaptha i ndáil le cuideachta, bíonn páirt ag na creidiúnaithe sa phróiseas scrúdaitheoireachta ar bhealaí éagsúla.

Sa chás go dtuairiscíonn na saineolaithe neamhspleácha go bhfuil fianaise ann gur tharla cuid mhór maoine de chuid na cuideachta dul ar iarraidh nó mírialtacht thromchúiseach eile i ndáil leis an gcuideachta, tionólfaidh an chúirt éisteacht chun an fhianaise a mheas. Tá creidiúnaithe na cuideachta i dteideal teacht i láthair agus labhairt ag éisteacht faoi chásanna mírialtachta[50].

#### Coiste creidiúnaithe a cheapadh[51]

Is féidir le scrúdaitheoir coiste creidiúnaithe a cheapadh chun cuidiú le déanamh fheidhmeanna an scrúdaitheora agus chun gnó a dhéanamh de réir mar a bhíonn riachtanach. Ní bheidh níos mó ná cúigear ar choiste den sórt sin agus beidh an triúr is mó a bhfuil éileamh neamhurraithe acu ar an gcoiste.

#### Comhréiteach nó scéim socraíochta[52]

Déanfaidh scrúdaitheoir, ar a c(h)eapadh ag an gcúirt, moltaí a chur i dtoll a chéile maidir le comhréiteach nó scéim socraíochta leis na creidiúnaithe agus na comhaltaí. Cuirfear cóip de na moltaí maidir le comhréiteach do choiste na gcreidiúnaithe ionas go bhfaightear tuairim thar ceann na gcreidiúnaithe.

Sa chás go gcuireann scrúdaitheoir moltaí i dtoll a chéile, cuirtear faoi bhráid chruinnithe iad de gach aicme comhaltaí agus creidiúnaithe. Meastar moltaí faoi chomhréiteach a bheith aontaithe ag aicme creidiúnaithe an tráth a vótáileann móramh ó thaobh a líon, atá ina thromlach freisin ó thaobh luach na n-éileamh a bhfuil ionadaíocht thar a gceann ag an gcruinniú, i bhfabhar na moltaí.

[48] Alt 520 Acht na gCuideachtaí.
[49] Alt 534(3) Acht na gCuideachtaí.
[50] Alt 533 Acht na gCuideachtaí.
[51] Alt 538 Acht na gCuideachtaí.
[52] Alt 539 Acht na gCuideachtaí.

Tugtar na moltaí ansin os comhair na Cúirte agus is í an Chúirt a shocraíonn an ndaingnítear an socrú beartaithe (arna leasú nó gan a leasú) nó an ndiúltaítear dó. Ní féidir leis an gCúirt na moltaí a dhaingniú mura bhfuil:

- ar a laghad aicme amháin de chuid na gcreidiúnaithe a ndéanfaí dochar dá leas nó dá n-éileamh dá gcuirfí na moltaí i bhfeidhm agus a bhfuil glactha acu sin leis an moladh, agus
- an chúirt den tuairim go bhfuil na moltaí cóir cothrom i ndáil le haon aicme comhaltaí nó creidiúnaithe nach bhfuil glactha acu leis na moltaí agus a ndéanfaí dochar dá leas nó dá n-éileamh dá gcuirfí na moltaí i bhfeidhm agus nach bhfuil na moltaí dochrach go míchothrom do leasa pháirtí leasmhar ar bith.

Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

*Le haghaidh eolas eile:*


Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
Éire

01 858 5800
Loghlao 1890 315 015

01 858 5801

info@odce.ie

www.odce.ie


*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil*
*An English version of this booklet is available*